1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Miontuairiscí chruinniú Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** An 16 Deireadh Fómhair 2023
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL & MS Teams

**I láthair:**
Colm Kilgallon, Daneve Harris, Claire Markey (Cathaoirleach), An Clr John Walsh, An Clr Pamela Conroy, An Clr Michael Clark, Susan Duffy, An Clr Kazi Ahmed, Anne Genockey, An Clr Brigid Manton, An Clr Pamela Kearns, An Clr Charlie O'Connor, An Clr Yvonne Collins, Ken Farrell, An Clr Kate Ruddock agus An Clr Siobhán Shovlin.
**Leithscéalta:** Paul McNally
**As láthair:** An Clr Cathal Boland, An Clr Liam Sinclair.

**I láthair:**
Caitríona Murphy, POF; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna, Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Siobhán Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Emma Maloney, CP (Cúntóir Pearsanta) don FCS (Foireann Ceannasaíochta Shinsearach); Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh; Ross Lynam, Oifigeach Foirgneamh; Mairéad Walsh, Ciste; Aisling Crowley, Bainisteoir Acmhainní Daonna; Pauline Murphy, Bainisteoir Acmhainní Daonna.

**Doiciméadú:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, Claire Markey, fáilte roimh chách chuig an gcruinniú.

1. **Leithscéalta/Comhbhrón**
   Gabhadh comhbhrón le gach teaghlach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo le mí anuas.

2. **Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
   Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

**3. Nithe le haghaidh Rún an Bhoird**

**3.1 Cathaoirleach Nua a Cheapadh**

Ainmníodh an Clr Charlie O'Connor don ról mar Chathaoirleach
**Beartaithe:** An Comhairleoir Yvonne Collins, **Duine a thacaigh léi:** Ken Farrell
Ceapadh an Clr Charlie O'Connor mar Chathaoirleach

Aontaíodh go mbeadh Claire Markey ina cathaoirleach ar an gcruinniú seo agus go dtabharfadh sí an chathaoir do Charlie O'Connor ag deireadh an chruinnithe.

**Ceapadh an Leas-Chathaoirligh**

Ainmníodh Claire Markey mar Leas-Chathaoirleach
**Beartaithe**: An Clr Michael Clark, **Duine a thacaigh leis:** An Clr Yvonne Collins
Ceapadh Claire Markey ina Leas-Chathaoirleach

**3.2 Litir Éirí as Oifig an Chathaoirligh**

Ghabh Claire Markey buíochas leis an mBord agus leis an bhFeidhmeannas as a dtacaíocht thar a téarma mar Chathaoirleach agus chuir sí fáilte roimh an Clr Charlie O'Connor mar Chathaoirleach.

**3.3 Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a reáchtáladh roimhe sin ar an 18 Meán Fómhair.
**Beartaithe:** An Clr Kazi Ahmed, **Duine a thacaigh leis:** An Clr Yvonne Collins.

**3.4 Ceapacháin Comhaltaí ar an mBord Bainistíochta**

Ainmniúcháin á lorg le haghaidh Ionadaí BOO chuig Bord Bainistíochta CP Ráth an Deagánaigh

**3.5 Cruinniú Ginearálta Urghnách BOOÉ an 28 Samhain**

Ainmníodh An Clr Charlie O'Connor agus an Clr Cathal Boland le bheith i láthair in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir TFE (Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta).

**4 Nithe le tabhairt faoi deara ag an mBord**

**4.1** Ciorcláin agus litreacha
Tugtha faoi deara

**4.2** Coistí an Bhoird
**Tugtha faoi deara**

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**5 Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1 Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh (PF) - Deireadh Fómhair 2023**

Gabhann BOOÁCDL buíochas le Claire Markey as a ról mar Chathaoirleach agus fáiltíonn agus tréaslaíonn sé roimh Charlie O'Connor ina ról mar Chathaoirleach don bhliain deiridh i dtéarma 5 bliana seo an Bhoird. Éascóidh BOOÁCDL aon tacaíochtaí nó ionduchtú a theastaíonn.

Maidir le fógraí, ba mhaith liom a chur in iúl duit gur ceapadh Adrian Flynn, Stiúrthóir na Scoileanna (SS) don ról mar Phríomhoide ar CP Bhaile Adaim. Ba mhór an pléisiúr dom a bheith ag obair le Adrian mar SS le 5 bliana anuas agus guímid gach rath air ina ról nua. Fógrófar ról an SS níos déanaí an tseachtain seo.

Fógrófar freisin an tseachtain seo ceapachán an Phríomhoide chuig CP Mhóin Seiscinn.

Tabhair faoi deara le do thoil an fógra faoi CGB agus CGU BOOÉ a bheidh ar siúl ar an 28 Samhain 2023 ag 2pm in Óstán Maldron i bPort Laoise.

Ag an gcruinniú deireanach, bhí iarratas ón mBord faoi earcaíocht, mar sin tá Pauline agus Aisling anseo chun sibh a thabhairt cothrom le dáta sula rachaimid ar ais chuig na Stiúrthóirí le haghaidh a gcuid tuairiscí chun dáta.

Chuir Pauline Murphy, Bainisteoir AD, na comhaltaí ar an eolas faoi fholúntais múinteoirí.

**<u>Tuarascáil na Stiúrthóirí Scoileanna – Deireadh Fómhair 2023</u>**

**Éiteas**

Reáchtáladh roinnt cruinnithe Líonra Ceannairí Éitis do na Ceannairí Éitis go léir sa BOOÁCDL chun tionscnaimh a phleanáil a dhaingníonn éiteas i scoileanna don bhliain amach romhainn agus chun tacú leo. Chuireamar oiliúint aonair ar fáil do Cheannairí Éitis nua ina gcuid scoileanna agus cuireadh tús le Creat na bPátrún ar Éiteas.

**Cosaint Leanaí**

Leanann an Oiliúint um Chosaint Leanaí don fhoireann in 9 gcinn dár gColáistí Pobail agus oibríodh le 6 scoil aonair le haghaidh tacaíocht shaincheaptha i gCosaint & Cumhdach Leanaí. Chruthaíomar freisin físeán agus páipéar faisnéise do Phríomhoidí agus don Bhord Bainistíochta ar Nósanna Imeachta CL nuashonraithe. Chuireamar oiliúint lae um Theagmhálaí Ainmnithe (TA) ar fáil do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí.

**Séiplínigh**
Cruthaíodh Líonra Séiplíneach Scoile nua chun tacú lenár n-Éiteas a dhaingniú ar fud ár scoileanna ainmnithe agus reáchtálamar ár gcéad chruinniú Líonra chun tacaíocht agus tionscnaimh a phleanáil don bhliain atá romhainn.

**Ionduchtú Múinteoirí**
Reáchtáladh Clár Ionduchtúcháin Múinteoirí BOOÁCDL don Iar-Bhunoideachas, don Bhreisoideachas agus Oiliúna (BrOO) agus do Phobalscoileanna Náisiúnta (PSN) - tugadh isteach agus cuireadh fáilte roimh thart ar 100 múinteoir nua chuig BOOÁCDL agus cuireadh eolas ar fáil ar BOO, BOOÁCDL, Ár nÉiteas, Tacaíochtaí agus ceardlann ar Bhainistíocht Dhearfach Iompraíochta agus Teanga.
Cuireadh tús le taighde bunscoile agus le pleanáil do chlár forbartha agus tacaíochta nua do Chinn Bhliana. Clár deimhnithe is ea é a sheolfar i mí Eanáir.

**Díospóireacht/Ficheall**
Pleanáladh agus seoladh Comórtais Díospóireachta Idirscoileanna agus Fichille Idirscoileanna BOOBÁCDL.

**Na Meáin Dhigiteacha**
Chuireamar oiliúint ar fáil do cheannairí digiteacha agus meán sóisialta i scoileanna agus tá lá iomlán eile oiliúna sceidealaithe don 19 Deireadh Fómhair.

**Nuachtlitir**
Eisíodh an 11ú heagrán de Nuachtlitir Forbairtí BOOÁCDL- nuacht agus imeachtaí ar fud ár n-eagraíochta ar fad. https://www.ddletb.ie/ddletb-developments-newsletter/

**Earcaíocht**
Gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le hearcaíocht - lena n-áirítear freastal ar Ócáid Gairmeacha in Ollscoil Chorcaí le Foireann Acmhainní Daonna BOOÁCDL.

**Boird Nua**
Tá Boird nua á dtoghadh faoi láthair faoi réir am Lámhleabhair Rialachais nua do Bhunscoileanna. Beidh Boird nua i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2024. Cuirfidh BOOÁCDL oiliúint ar fáil dár gcomhaltaí Boird go léir. Beidh an chéad mhodúl as 7 gcinn ar Ról an Chathaoirligh agus an Phríomhoide. Tionólfar é seo i mí na Samhna sula gcuirfear tús le téarma nua an Bhoird.

**CNCM**

Reáchtáladh seimineár "An Curaclam a Athshamhlú" ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an téarma seo agus díríodh ar thacú le hathfhorbairt chreat na Bunscoile i réimsí an Chomhtháthaithe, na hOideolaíochta agus an Mheasúnaithe. Déanfar a thorthaí a chomhtháthú agus tabharfar aghaidh orthu ar fud an phróisis trí chéim chun an Creat Bunoideachais Nua a leathnú amach.

**Lá na bPátrún**

Reáchtáladh Lá na bPátrún ar an 14 Meán Fómhair do Phríomhfheidhmeannaigh, Stiúrthóirí Scoileanna agus Stiúrthóirí Seirbhísí d'fhonn ár straitéis d'fhorbairt agus d'fhás PSN a ailíniú le straitéis Chlár an Rialtas (2020), a bhfuil sé mar aidhm aige "an sprioc de 400 bunscoil il-sainchreidmheach ar a laghad a bhaint amach faoi 2030" agus "iompú scoileanna inmharthana ina bPobalscoileanna Náisiúnta a leathnú agus tús áite a thabhairt dó". Má bhaintear amach an sprioc seo, beidh gach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ina bpátrúin ar líon suntasach Pobalscoileanna Náisiúnta go luath amach anseo.

Cuireadh ceithre sheisiún oiliúna tráthnóna ar fáil ar an gClár Pátrúin (GMGY) agus oiliúint ar Éiteas do gach múinteoir nua in PSN agus i scoileanna speisialta ar líne i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

Leanann Stiúrthóirí Scoileanna de bheith ag plé le Príomhoidí chun tacú leo trí chruinnithe rialta, cuairteanna aonair ar scoileanna chomh maith le hoiliúint a sholáthar ag leibhéal BOOÉ do na Pobalscoileanna Náisiúnta.

**Seirbhísí don Óige**

Tá plean Forbartha Óige BOOÁCDL ar siúl faoi láthair agus beidh anailís bailithe sonraí agus comhairliúchán domhain ag tosú an mhí seo ar fud Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire le fócas ar aghaidh a thabhairt ar cheantair ina bhfuil díothacht shuntasach agus ar acmhainní riachtanacha chun soláthar na Seirbhíse don Óige sna ceantair seo a líonadh.

**Tuarascáil an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna – Deireadh Fómhair 2023**

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna BOOÁCDL**

- Tá faisnéis agus comhairliúcháin ar siúl le foireann BrOO agus BOOÁCDL.
- Forbairt Shuaitheanta Choláiste BrOO, Sord:

- Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag ullmhú Anailís Mhapála ar láithreáin fhéideartha do Choláiste BrOO i Sord. Tá sé seo le breithniú ag Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL roimh chruinniú atá le bheith ar siúl i mí na Samhna.
- Déanfar athbhreithniú comhpháirteach i mí na Samhna ar an liosta suíomh/criosanna seo, chomh maith le haon láithreán breise arna sainaithint trí phróiseas léirithe spéise reatha BOOÁCDL nó a mholfadh Co. Fhine Gall lena bhreithniú.

**Nuashonrú ar mhaoiniú BrOO**

Mar a tuairiscíodh i mí Mheán Fómhair bhí BOOÁCDL dóchasach i mí an Mheithimh 2023 go gceadódh SOLAS maoiniú chun an t-easnamh ionchasach idir ár gcéad tairiscint mhaoinithe agus ár leithdháileadh deiridh de €80 milliún a chlúdach ionas nach gá an soláthar a ghearradh siar.

Fuarthas litir ó Phríomhfheidhmeannach SOLAS i mí Mheán Fómhair, inar tugadh na nithe seo a leanas le fios:

1. Ba cheart go leanfadh BOOÁCDL ar aghaidh ag pleanáil le haghaidh caiteachais agus gníomhaíochta thar an gcuid eile den bhliain "gan an soláthar BrOO laistigh dá réigiúin faoi seach a shaobhadh mar thoradh ar bhrúnna éileamh-threoraithe a mbeadh tionchar diúltach acu ar fhoghlaimeoirí."
2. Tá sé deimhnithe ag an Roinn go bhféachfaidh sí le dul i ngleic le brúnna maoinithe deiridh bliana mar thoradh ar an gcur chuige seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe.
3. Is é an caiteachas iomlán réamh-mheasta do BrOO do 2023 ná €81,040,550 atá chun tosaigh ar na leithdháiltí de €80,392,308 i mí an Mhárta 2023 le róchaiteachas ionchasach de €648.242. Is í an chúis atá leis seo ná soláthar méadaithe BCTE ar fud an chontae mar gheall ar ghéarchéim san Úcráin agus in áiteanna eile.

**Laghdú ar Tháillí - Iar-Ardteistiméireacht**

Tá tionchar dearfach ag an laghdú ar tháillí agus tá éileamh méadaithe ó fhoghlaimeoirí ar gach Coláiste BrOO BOOÁCDL a chuireann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ar fáil. Cé nach bhfuil figiúirí deiridh againn go fóill, is féidir linn an treocht seo a leanas a fheiceáil: méadú foriomlán 15% go dtí seo ar líon na bhfoghlaimeoirí tosaigh i gcomparáid le huimhreacha 2022.

**Printíseachtaí**

Tá obair na gcapall á déanamh ag BOOÁCDL agus BOOanna ar fud na tíre chun beartais éigeandála a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun an riaráiste a d'eascair as COVID 19 a laghdú, i dtaca le Printíseacht Chéim 2 le haghaidh na 3 phríomhréimse ceirde, leictreoireacht, pluiméireacht agus siúinéireacht.

Cé go bhfuil aghaidh tugtha ar an riaráiste a d'eascair as COVID 19, mar thoradh ar an ngeilleagar buacach ó bhí an phaindéim ann, tá méadú comhfhreagrach tagtha ar an méid printíseach nua atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí.

Tá imní ar an Aire faoin méadú ar líon na bprintíseach atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i bprintíseachtaí agus tá iarrtha aige ar an earnáil BrOO oibriú le hinstitiúidí Ardoideachais ar fud na tíre chomh maith le roinnt fostóirí chun printíseachtaí chéim 2 a sholáthar.

- Tá Grúpa faoi chathaoirleacht an Rúnaí Chúnta sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; le SOLAS, Oifig Náisiúnta na bPrintíseach (ONP), ionadaithe ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (SBrOO) agus CSTGT ag déanamh monatóireachta ar fhreagairt na hearnála ar éileamh printíseachtaí ceardaíochta.
- Ag deireadh mhí Mheán Fómhair, bhí céim 2 á pleanáil lena soláthar lasmuigh den earnáil BOO sna hOllscoileanna Teicneolaíochta, soláthairtí príobháideacha (BSL, Iarnród Éireann, conraitheoirí móra) agus coláistí i dTuaisceart Éireann.
- Fuarthas faomhadh i bprionsabal ó SOLAS ag deireadh mhí Mheán Fómhair do thionscadal caipitil nua d'Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin chun soláthar printíseachta a mhéadú. Is é seo an chéad cheann de dhá chéim agus meastar go gcosnóidh sé €1,157,325.76 (CBL agus táillí san áireamh).

**Tuarascáil an Stiúrthóra TFE – Deireadh Fómhair 2023**

D'fhreastail BOOBÁCDL ar an gComhdháil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta ar an 5 Deireadh Fómhair. Tá gealltanas i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 d'Éirinn astuithe gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh aeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Dhírigh an chomhdháil seo ar na céimeanna is féidir le BOOnna a ghlacadh ar a n-aistear inbhuanaitheachta chun an sprioc seo a bhaint amach. Tá BOOÁCDL ag obair faoi láthair ar Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt ina dtabharfar mionsonraí ar na gníomhartha a ghlacfaimid ar fud ár bpunainne réadmhaoine chun na spriocanna seo a bhaint amach. Chun tacú lenár n-aistear inbhuanaitheachta, tá BOOÁCDL ag obair i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

na hÉireann (ÚFIÉ) ag cur saineolais agus tacaíochtaí ar fáil agus muid ag obair ar fhorbairt ár dTreochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide.

D'fhreastail an Feidhmeannas ar chomhdháil bhliantúil BOOÉ i gCorcaigh ar an 27 agus an 28 Meán Fómhair. “BOO na Todhchaí” a bhí mar theideal ar an gComhdháil agus sna cuir i láthair clúdaíodh an Teicneolaíocht & Intleacht Shaorga, Scileanna & Nuálaíocht sa Todhchaí, Ionchuimsiú & Oideachas Speisialta agus Athléimneacht & Ceangal Daonna.

Ó thaobh an Rialachais de, reáchtáladh roinnt cruinnithe le déanaí.
Tháinig an Coiste Iniúchta & Riosca le chéile ar an 27 Meán Fómhair. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ar an 11 Deireadh Fómhair agus táimid ag tnúth le ceapadh Chathaoirleach nua an Choiste Airgeadais ag comhaltaí Boird BOOÁCDL le linn an chruinnithe seo. Bhí ár gcruinniú Rialachais ar siúl ar an 9 Deireadh Fómhair.

Tá ár bhfoireann airgeadais ag nuashonrú ár bpróiseas faoi láthair chun na ceanglais nua ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le fógairt speansas ón 1 Eanáir 2024 a chomhlíonadh.

D'fhógair BOOÉ le déanaí go bhfuiltear chun aistriú ón tsamhail airgeadais cuntasaíochta airgid reatha go samhail airgeadais atá bunaithe ar fhabhruithe. Cuirfear tús leis an tionscadal seo in 2024 do gach Bord Oideachais agus Oiliúna agus táthar ag súil go dtógfaidh sé 3-4 bliana lena chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá BOOÁCDL i mbun teagmhála faoi láthair leis an A&CC maidir le dátaí a sceidealú chun Iniúchadh 2021 a chur i gcrích agus tús a chur le hiniúchadh 2022. Tá súil againn na hiniúchtaí seo a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana, ach braitheann sé seo ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bheith ar fáil.

Ar an Déardaoin seo (19ú) buailfimid leis an Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais maidir le roinnt tionscadail tógála atá ar siúl go leanúnach – CP Naomh Finnian, CP Chaisleán Cnucha, Coláiste Pobail Fóla, Pobalscoil Ghleann na hAbhann agus an Mhóinéir Leathain.

Mar thoradh ar éirí as oifig an ionadaí foirne, Brendan O’Halloran le déanaí, tá tús curtha leis an bpróiseas toghcháin dá chomharba agus caithfidh an toghchán a reáchtáil idir an 31 Nollaig 2023 agus an 31 Márta 2024.

Déanfar meastóireachtaí boird in R1, 2024. Tuilleadh sonraí le cur ar fáil ag cruinniú Boird na Samhna.

Ainmníodh Colm Kilgannon do ról Chathaoirleach an Choiste Airgeadais.
Beartaithe: Claire Markey Duine a thacaigh léi: Ken Farrell

**5.2 Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í.

**5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil tógála i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í.

D'ardaigh comhaltaí ceisteanna maidir le PS Naomh Finian, i dtaca le máistirphleanáil don suíomh agus deisiúchán dín. Ardaíodh ceisteanna maidir le glacadh 2024 do PS Chaisleán Cnucha. Phléigh comhaltaí an deis a d'fhéadfadh a bheith ann páirceáil íoctha deireadh seachtaine a thabhairt isteach i gcarrchlós Naomh Mac Dara.

**5.4 Próifíl Foirne**

Ceapacháin agus Arduithe Céime tugtha faoi deara

**5.5 Clár Riosca**

Tá athbhreithniú R3 ar an gclár riosca corparáidigh críochnaithe agus ceadaithe ag an ARC. Clár rioscaí san áireamh i bpáipéir an Bhoird.

**5.6 Polasaithe**

Tugtha faoi deara

**6. Nithe a chuir an Bord isteach**

**6.1. Cuntas Gníomhaíochtaí**

Rinneadh athbhreithniú ar an loga gníomhaíochta.

**7. An Chéad Chruinniú Eile: An 20 Samhain 2023 @ 4.30pm**